V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10895 — ATHORA / AXA CUSTOMER SOLUTIONS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 393/07)

1. An 5 Deireadh Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Athora Holding Ltd. ("Athora", Beirmiúda), faoi rialú deiridh Apollo Global Management, Inc. ("Apollo", SAM),

— Axa Customer Solutions Aktiengesellschaft ("Axa Customer Solutions", an Ghearmáin), faoi rialú deiridh AXA S.A. (an Fhrainc).

Gheobhaidh Athora rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Axa Customer Solutions ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Athora gníomhach san árachas agus san athárachas, san Ísiltír, sa Bheilg, san Iodáil agus sa Ghearmáin go príomha. Tá Athora faoi rialú Apollo, bainisteoir sócmhainní malartacha domhanda,

— Tá Axa Customer Solutions gníomhach in árachas saoil, sa Ghearmáin den chuid is mó. Tá punann dúnta árachais saoil aige de bhlianachtaí agus de dhearlaicí iarchurtha, arb ionann é agus EUR 19 mbilliún i sócmhainní faoi riarachán.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Mar sin féin, forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([2]) ón gComhairle, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10895 — ATHORA / AXA CUSTOMER SOLUTIONS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo a leanas:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË